Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

An Bhruiséil, 13 Feabhra 2023
(OR. en)

6267/23
ADD 1
LIMITE
PV CONS 4
AGRI 50
PECHE 45

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(**Talmhaíocht** agus **Iascach**)

30 Eanáir 2023

## CLÁR

**Leathanach**

## Gníomhaíochtaí neamhreachtacha

TALMHAÍOCHT

4. Staid an mhargaidh go háirithe tar éis an ionraidh ar an Úcráin .................................................. 3

5. Deiseanna an bhithgheilleagair i bhfianaise na ndúshlán reatha agus béim ar leith á leagan ar cheantair thuaithe ........................................................................ 3

## Aon ghnó eile

Talmhaíocht

6. (b) Fadhbanna le méadú ar allmhairí talmhaíochta ón Úcráin.................................................. 3

(c) Maolú sealadach ar an tairseach uasta a leithdháiltear ar bhearta maidir le tacaíocht ioncaim chúpláilte do bhliain éilimh 2023 .......................... 4

IARSCRÍBHINN – Ráitis le haghaidh mhiontuairiscí na Comhairle................................................... 5

***

PUBLIC

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

TALMHAÍOCHT

**4. Staid an mhargaidh go háirithe tar éis an ionraidh ar an Úcráin** 5457/23
*Faisnéis ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit*
*Malartú tuairimí*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil maidir le staid na bpríomh-mhargaí talmhaíochta, chomh maith leis na barúlacha agus na hiarrataí ó na toscaireachtaí agus na freagraí ón gCoimisiún.

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Polainne ar fáil faoi aon ghnó eile, thar ceann thoscaireachtaí na Bulgáire, na Rómáine, na Seice, na Slóvaice agus na hUngáire, maidir le fadhbanna a bhaineann le hallmhairí talmhaíochta ón Úcráin a mhéadú, mar a leagtar amach in 5722/23.

Thug an Chomhairle dá haire freisin an fhaisnéis a chuir toscaireacht na hUngáire ar fáil faoi aon ghnó eile, le tacaíocht ó thoscaireacht na Bulgáire, na Cipire, na Cróite, na Fionlainne, na Gréige, na Polainne, na Slóivéine agus na Slóvaice, maidir le hiarraidh ar mhaolú sealadach ar an tairseach uasta do thacaíocht ioncaim chúpláilte in 2023, mar a leagtar amach in 5627/23.

**5. Deiseanna an bhithgheilleagair i bhfianaise na ndúshlán reatha agus béim ar leith á leagan ar cheantair thuaithe** 5658/23
*Malartú tuairimí*

Bhí malartú tuairimí ag an gComhairle maidir le 'deiseanna an bhithgheilleagair i bhfianaise na ndúshlán atá ann faoi láthair agus béim ar leith ar cheantair thuaithe' d'fhonn conclúidí nuashonraithe ón gComhairle a ghlacadh maidir leis an ábhar sin.

**Aon ghnó eile**

Talmhaíocht

**6. (b) Fadhbanna le méadú ar allmhairí talmhaíochta ón Úcráin** 5722/23
*Faisnéis ó thoscaireacht na Polainne thar ceann thoscaireachtaí na Bulgáire, na Seicia, na hUngáire, na Polainne, na Rómáine agus na Slóvaice*

Is in éineacht le mír 4 a pléadh mír 6(b).



PUBLIC

(c) **Maolú sealadach ar an tairseach uasta a leithdháiltear ar bhearta maidir le tacaíocht ioncaim chúpláilte do bhliain éilimh 2023** 5627/23

*Faisnéis ó thoscaireacht na hUngáire, le tacaíocht ó thoscaireachtaí na Bulgáire, na Cróite, na Cipire, na Fionlainne, na Gréige, na Polainne, na Slóvaice agus na Slóivéine*

Is in éineacht le mír 4 a pléadh mír 6(c).

---



PUBLIC

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna neamhreachtacha 'A' a leagtar amach in 5610/23**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 2 ar liosta na míreanna 'A':** | **Rialachán ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc áirithe sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh**<br>*Glacadh* |

**RÁITEAS ÓN SPÁINN (i ndáil leis an Rialachán maidir leis an Mheánmhuir)**

'Ba mhaith leis an Spáinn a chur in iúl go bhfuil dhá fhoráil maidir leis an rialachán, a bhaineann leis an uasteorainn ar ghabhálacha séaclaí gorma agus dearga agus leis an iarracht iascaireachta do bháid spiléireachta, a ndearna Ríocht na Spáinne cás dlí a chomhdú ina coinne os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar feitheamh go fóill.'

**RÁITEAS ÓN SPÁINN (maidir le vóta diúltach i ndáil leis an Rialachán maidir le deiseanna iascaireachta le haghaidh 2023 sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh)**

'Is oth leis an Spáinn go raibh uirthi vóta a chaitheamh i gcoinne an togra chomhréitigh chríochnaithigh ón Uachtaránacht i ndáil leis an Rialachán maidir le deiseanna iascaireachta le haghaidh 2023 sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh ag Comhairle Talmhaíochta agus Iascach an 11 go dtí an 12 Nollaig don dara bliain as a chéile.

Cé gur feabhsaíodh an togra a bhí ann roimhe seo, agus is mór againn sin, níorbh leor na feabhsúcháin sin chun go mbeadh an Spáinn in ann vóta a chaitheamh i bhfabhar an togra, in ainneoin na n-iarrachtaí a rinne an Spáinn agus na dtograí a chuir sí ar aghaidh, tograí nár glacadh leo sa deireadh thiar thall.

Is léir go bhfuil dhá chur chuige éagsúla ag an gCoimisiún Eorpach agus Ríocht na Spáinne i dtaca le cur chun feidhme an phlean ilbhliantúla le haghaidh acmhainní grinnill sa Mheánmhuir Thiar agus le cuspóir an phlean sin, i.e. an uastáirgeacht inbhuanaithe le haghaidh na stoc iascaireachta éagsúil, a bhaint amach.

Cé go measann an Coimisiún Eorpach gur gá fós leanúint de líon na laethanta iascaireachta le haghaidh trealamh tarraingthe sa Mheánmhuir a laghdú, tá an Spáinn den tuairim i gcónaí, ar bhonn na dtuarascálacha eolaíocha atá ar fáil ó STECF agus ó chomhlachtaí eolaíocha eile araon, gurb é méadú ar roghnaíocht an trealaimh tharraingthe an bealach is iomchuí agus is cothroime, ón taobh socheacnamaíoch de, chun dul chun cinn breise a dhéanamh i dtaca le feabhas a chur ar stádas bitheolaíoch na stoc éagsúil a bhfuil dea-chomharthaí téarnaimh agus básmhaireacht iascaireachta laghdaithe á léiriú acu ar an iomlán. Go deimhin tá cásanna tuartha STECF ann a léiríonn, i gcás stoic séaclaí dearga in uiscí na Spáinne, go mbainfí amach an sprioc uastáirgeachta inbhuanaithe in 2025 dá gcuirfí an beart roghnaíochta seo i bhfeidhm maidir le leath an chabhlaigh, gan aon laghdú eile ar na laethanta iascaireachta in 2023.

Mar sin féin, dar leis an Spáinn nach leor an dreasacht a thugtar d'oibreoirí san earnáil iascaireachta sa togra comhréitigh críochnaitheach chun feabhas a chur ar roghnaíocht an trealaimh tharraingthe, agus go dteastaíonn an dreasacht sin ó na hoibreoirí chun déileáil, sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma, leis an gcaillteanas ioncaim a bheadh i gceist le cur chun feidhme an bhirt seo mar thoradh ar an laghdú i meáchan na gabhála. Faoin togra comhréitigh críochnaitheach, laghdófaí laethanta iascaireachta na hearnála iascaireachta arís eile in 2023 – is laghdú i ngníomhaíocht iascaireachta é sin arb ionann é agus beagnach trí ghlanmhí in aghaidh an tsoithigh ar an meán ó cuireadh an plean chun feidhme den chéad uair in 2020, rud a chiallaíonn go gcaithfidh soithí iascaireachta na Spáinne níos mó laethanta i gcalafoirt ná ag iascaireacht an bhliain seo chugainn.

Tá an méid sin ag cur inmharthanacht shóisialta agus eacnamaíoch na soithí sin agus a ngnóthaí iascaireachta go mór i mbaol, ar gnóthaí teaghlaigh iad den chuid is mó, chomh maith le inbhuanaitheacht chalafoirt, mhargaí agus phobail chósta Mheánmhuir na Spáinne a bhraitheann ar an ngníomhaíocht sin.

I gcás ar bith, leanfaidh an Spáinn de bheith ag obair leis an gCoimisiún Eorpach agus leis na Ballstáit eile ar cúis imní dóibh an plean ilbhliantúil agus a chuspóirí a bhaint amach.'

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 3 ar liosta na míreanna 'A':** | **Rialachán ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais, agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, chomh maith le deiseanna iascaireachta den sórt sin a shocrú le haghaidh 2023 agus 2024 le haghaidh stoic éisc áirithe dhomhainfharraige**<br>*Glacadh* |

**RÁITEAS ÓN mBEILG, ÓN DANMHAIRG, ÓN bhFRAINC, ÓN nGEARMÁIN, Ó ÉIRINN, ÓN ÍSILTÍR, ÓN LIOTUÁIN, ÓN EASTÓIN, ÓN SPÁINN, ÓN bPORTAINGÉIL AGUS ÓN tSUALAINN (maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 15(9) i mBun-Rialachán COD/03AS; RNG/03-; BLI/12INT-; BLI/24-; BLI/03A; COD/5BE6A; COD/07A; COD/7XAD34; HER/7G-K; PRA/2AC4-C; SOL/56-14; WHG/07A; JAX/2A-14; JAX/08C agus SBR/678- in 2023)**

'Ós rud é go bhfuil bithmhais stoic COD/03AS; RNG/03-; BLI/12INT-; BLI/24-; BLI/03A; COD/5BE6A; COD/07A; COD/7XAD34; HER/7G-K; PRA/2AC4-C; SOL/56-14; WHG/07A; JAX/2A-14; JAX/08C agus SBR/678- faoi bhun $B_{lim}$ agus nach gceadófar ach foghabháil agus iascaigh eolaíocha in 2023, chun téarnamh na stoc a áirithiú i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2018/973 agus (AE) 2019/472, geallann an Bheilg, an Danmhairg, an Fhrainc, an Ghearmáin, Éire, an Ísiltír, an Liotuáin, an Eastóin, an Spáinn, an Phortaingéil agus an tSualainn nach n-úsáidfidh siad an tsolúbthacht idirbhliantúil faoi Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis na stoic sin in 2023. Is freagairt ar na himthosca eisceachtúla atá ann faoi láthair do na stoic sin an gealltanas seo.'

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN (maidir le stoic roinnte arna mbainistiú faoi ghabhálacha iomlána incheadaithe sealadacha)**

'Bunaítear gabhálacha iomlána incheadaithe sealadacha chun go mbeidh cabhlaigh an Aontais in ann leanúint de ghníomhaíochtaí iascaireachta gan réamhbhreithiúnas a dhéanamh ar thoradh na gcomhairliúchán idirnáisiúnta atá ar siúl faoi láthair. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar staid na stoc atá á roinnt leis an Ríocht Aontaithe agus an Iorua agus atá faoi réir gabhálacha iomlána incheadaithe sealadacha. Ar bhonn ghlacadh na gcuótaí arna dtuairisciú ag na Ballstáit agus torthaí na gcomhairliúchán á gcur san áireamh, déanfaidh an Coimisiún a mhachnamh agus cuirfidh sé moltaí ábhartha maidir leis an mbealach chun cinn agus athbhreithnithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar leibhéil shealadacha na ngabhálacha iomlána incheadaithe i láthair, go háirithe maidir le séasúracht gníomhaíochtaí iascaireachta, chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na mBallstát, nó chun gabhálacha iomlána incheadaithe cinntitheacha a bhunú.'

**RÁITEAS ÓN mBEILG, ÓN DANMHAIRG, ÓN bhFRAINC, ÓN ÍSILTÍR AGUS ÓN nGEARMÁIN (maidir le Roghanna na Háige)**

'Is é a mheasann an Bheilg, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Ísiltír agus Fhrainc go ndearnadh na scálaí maidir le cionroinnt na gcuótaí ar na Ballstáit a chomhaontú in 1983. Is iad na scálaí sin is bonn leis an gcobhsaíocht coibhneasta, prionsabal arna bhunú leis an mBun-Rialachán lena rialaítear an Comhbheartas Iascaigh. Measaimid go bhfuil roghanna na Háige contrártha le prionsabal na cobhsaíochta coibhneasta.'

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN (maidir le gliomach na hIorua, roinn 8c, AF 25 agus roinn 9a, AFanna 26 agus 27)**

'Sheol an Coimisiún iarraidh chuig ICES in 2022 maidir lena iomchuí a bheadh sé iascach táscach a dhéanamh le haghaidh ghliomach na hIorua i roinn 8c ICES, aonad feidhmiúil (AF) 25, agus roinn 9a, AF 26 agus AF 27, agus na dálaí faoina ndéanfaí amhlaidh. Chuir ICES an Coimisiún ar an eolas nach bhfuil iascach táscach de dhíth a thuilleadh chun a mheasúnú ar na stoic sin a thabhairt i gcrích, agus thug sé dá aire go meastar go bhfuil bithmhais na stoc sin níos lú ná Blim. Iarrfaidh an Coimisiún ar ICES, sa chéad ráithe de 2023, leibhéal na n-iascach a sholáthar lena gcuirfí ar chumas na mBallstát leanúint lena sraith sonraí gabhála spleách ar iascaigh le haghaidh ghliomach na hIorua i roinn 8c, AF 25, agus i roinn 9a, AFanna 26 agus 27, agus d'fhonn ionchur níos fearr a chur ar fáil don chomhairle eolaíoch.'

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN gCOIMISIÚN agus ÓN bPORTAINGÉIL (maidir le faisnéis eolaíoch i ndáil le deargán in 10)**

'Tiomnaíonn an Phortaingéil go dtabharfaidh sí do ICES na sonraí eolaíocha ábhartha is cothroime le dáta agus is iomláine maidir le deargán i bhfolimistéar 10 ICES (Meánna na n-Asór) a fhaightear tríd an suirbhé spiléir grinnill, chun bonn eolais a chur faoin innéacs d'fhorbairt stoic a úsáideann ICES. Má thugann an Phortaingéil sonraí nua den chineál sin do ICES agus nuair a thabharfaidh sí na sonraí sin dó, iarrfaidh an Coimisiún ar ICES machnamh a dhéanamh ar chomhairle nuashonraithe a sholáthar lena n-ionchorpraítear na sonraí nua sin in 2023.'

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN gCOIMISIÚN agus ÓN bPORTAINGÉIL (maidir le faisnéis eolaíoch i ndáil le sól in 8cde, 9 agus 10)**

'Tiomnaíonn an Phortaingéil go dtabharfaidh sí do ICES sonraí eolaíocha iomlána le haghaidh *Solea senegalensis* agus *Pegusa lascaris* in uiscí an Atlantaigh timpeall ar Leithinis na hIbéire (folimistéar 9 ICES), ar leithligh ó na sonraí sin a thugann sé cheana féin i gcás *Solea solea*. D'fhágfadh sonraí eolaíocha leordhóthanacha go bhféadfaí measúnú a dhéanamh freisin ar *Solea senegalensis* agus *Pegusa lascaris*. Faoi láthair tá gach speiceas sól faoi TAC comhcheangailte le haghaidh speiceas sól i ranna 8cde, folimistéir 9 agus 10 (Bá na Bioscáine Theas, uiscí an Atlantaigh timpeall ar Leithinis na hIbéire agus Meánna na n-Asór) agus cuireann ICES comhairle MSY ar fáil le haghaidh *Solea solea* i ranna 8c agus 9a agus i gcás an dá speiceas eile ní thugann sé aon chomhairle. Má thugann an Phortaingéil sonraí nua den sórt sin do ICES agus nuair a thabharfaidh sí na sonraí sin dó, iarrfaidh an Coimisiún ar ICES machnamh a dhéanamh ar chomhairle a chur ar fáil maidir leis na stoic ábhartha uile i mBá na Bioscáine Theas, in uiscí Leithinis na hIbéire agus i Meánna na n-Asór.'

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN (maidir le comhairle eolaíoch faoin sól i ranna 8a agus 8b)**

'Tugann an Coimisiún dá aire gur thuairiscigh ICES gur tháinig laghdú ar an ráta básmhaireachta iascaigh sóil i ranna 8ú agus 8b ICES (Fad na Bioscáine) don bhliain idirmheánach 2022 sa chomhairle uaidh le haghaidh 2023, agus go bhfuil athbhreithniú anuas déanta ag ICES ar an earcaíocht le blianta beaga anuas. Meabhraíonn an Coimisiún freisin gur sa bhliain 2013 a rinne ICES an tagarmharc deireanach don stoc sin.
Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún, bunaithe ar an méid sin thuas a mheá, é seo a leanas a dhéanamh: (i) iarraidh ar ICES an bhféadfadh sé gur tháinig athrú ar dhinimic an stoic i gcás an tsóil bunaithe ar an measúnú is déanaí; agus (ii) iarraidh ar ICES a mheas, bunaithe ar scéim tosaíochta tagarmharcanna ICES, an iarrthóir le haghaidh tagarmhairc é an sól i mBá na Bioscáine. Sa chomhthéacs go bhféadfadh tagarmharc a bheith ann, spreagfaidh an Coimisiún ICES freisin chun an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) samhlacha nua atá ar fáil a mheas agus faisnéis nua maidir leis an bhfad ag tráth na haibíochta a chur san áireamh; (ii) tosca comhshaoil a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an earcaíocht agus ar an ráta básmhaireachta nádúrtha a fhiosrú.'

**GEALLTANAS ÓN bhFRAINC AGUS ÓN SPÁINN (d'iascach doingean mara i mBá na Bioscáine)**

'Is díol sásaimh don Fhrainc agus don Spáinn dea-bhail stoc an doingin mara Eorpaigh (*Dicentrarchus labrax*) i ranna 8a agus 8b ICES (Bá na Bioscáine) agus na bearta freagracha a chuirtear chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta.

Ós rud é go socraíonn ICES luach MSY ar leibhéal 3398 tonna, geallann an Fhrainc a scéim bainistíochta náisiúnta a choinneáil in 2023.'

PUBLIC

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN gCOIMISIÚN agus ÓN mBEILG (maidir le tacaíocht fhéideartha do chabhlach iascaigh leathóige na Beilge)**

'Mar gheall ar an laghdú mór ar na deiseanna iascaireachta le haghaidh leathóg i gCaolas Bhriostó (7FG) le haghaidh 2023, fiosróidh an Coimisiún agus an Bheilg, faoi chuimsiú an chreata dhlíthiúil atá ann cheana, na féidearthachtaí chun tacaíocht ábhartha iomchuí a úsáid, lena n-áirítear tacaíocht airgeadais, do chabhlach iascaigh leathóige na Beilge lena mbaineann.'

**RÁITEAS ÓN nGEARMÁIN, ÓN SPÁINN, ÓN bhFRAINC, ÓN bPOLAINN AGUS ÓN bPORTAINGÉIL (maidir le trosc Svalbard)**

'Is oth leis an nGearmáin, an Spáinn, an Fhrainc, an Pholainn agus an Phortaingéil nach gcloíonn an Iorua leis an tuiscint pholaitiúil idir an tAontas agus an Iorua ó mhí Aibreáin 2022, ós rud é nach leagann sí síos cuóta don Aontas le haghaidh trosc in uiscí Svalbard a chomhfhreagraíonn do chearta stairiúla an Aontais agus do sciar an Aontais don stoc sin. Meabhraíonn na Ballstáit thuasluaite a gcearta iascaireachta stairiúla seanbhunaithe i limistéar Svalbard, mar a chumhdaítear le Conradh Pháras 1920. Impíonn siad ar an Iorua cearta agus leasanna an Aontais agus na mBallstát in Svalbard, lena n-áirítear cearta iascaireachta, a urramú go hiomlán.
Iarrann na Ballstáit thuasluaite ar an Iorua agus ar an gCoimisiún dul i gcomhairle go pras agus é mar aidhm acu cuóta iomlán an Aontais le haghaidh 2023 a bhunú tráth nach déanaí ná mí an Mhárta 2023. Meabhraíonn siad freisin, i ngeall ar na stadanna iascaireachta a d'eisigh an Iorua in 2021, nárbh fhéidir 5 143 thona ar an iomlán de chuóta trosc an Aontais a iascach i Limistéar Eacnamaíoch Eisiach na hIorua. Cuireann na Ballstáit in iúl go bhfuil díomá orthu nár chuir an Iorua an chainníocht sin ar fáil don Aontas sna malartuithe déthaobhacha le haghaidh 2023. Ba cheart an tsaincheist sin a réiteach a luaithe is féidir.
Is mór ag an nGearmáin, an Spáinn, an Fhrainc, an Pholainn agus an Phortaingéil go bhfuil an Coimisiún réidh chun dul i gcomhairle go pras leis an Iorua maidir leis na saincheisteanna thuasluaite.'

**RÁITEAS ÓN bhFRAINC (maidir le leithdháileadh acmhainneachta feirmeoireachta tuinníní gorma)**

'Le cur i bhfeidhm meastóireachta ar straitéis bhainistíochta (MSE) ar thuinníní gorma, a cinneadh le linn an 23ú cruinniú urghnách den Choimisiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú, bhíothas in ann deiseanna iascaireachta an Aontais Eorpaigh a mhéadú ó 19 311 thona in 2022 go 21 503 thona le haghaidh na mblianta 2023-2025. Chun déileáil leis an méadú ar an soláthar a thagann as sin, agus chun cur le suíomh a tionscail ar na margaí idirnáisiúnta, measann an Fhrainc gur cheart di acmhainneacht feirmeoireachta agus ramhraithe tuinníní gorma a fháil i gcomhréir lena deiseanna iascaireachta. Tá an Fhrainc réidh chun oibriú leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit chun an acmhainneacht sin a bhaint amach, i gcomhréir le rialacha an Chomhbheartais Iascaigh.'

**RÁITEAS Ó ÉIRINN (maidir le comhaontú an Phlean Bainistíochta ilbhliantúil le haghaidh Tuinníní Gorma a glacadh ag Cruinniú Bliantúil ICCAT a bhí ar siúl an mhí seo caite)**

'Is díol sásaimh d'Éirinn gur glacadh Plean Bainistíochta ilbhliantúil nua le haghaidh Tuinníní Gorma ag cruinniú ICCAT a bhí ar siúl an mhí seo caite, ina dtugtar faoi deara gurb é 21,503 thona cuóta an Aontais anois don tréimhse 2023-2025 agus go bhfuil leithdháileadh iomlán 63 thona faighte ag an Ríocht Aontaithe, a aithnítear anois mar pháirtí conarthach.
Measann Éire, má tá cás ann maidir le leithdháileadh don Ríocht Aontaithe, go bhfuil cás chomh láidir céanna ann d'Éirinn, mar Bhallstát den Aontas, maidir le sciar de chuóta an Aontais chun iascach spriocdhírithe a cheadú i bhfianaise a flúirse atá an Tuinnín Gorm in uiscí timpeall na hÉireann.'

PUBLIC

**RÁITEAS ÓN gCOMHAIRLE AGUS ÓN gCOIMISIÚN (maidir le ronnach a thabhairt anonn ó 2022 go 2023)**

'Tugann an Coimisiún agus an Chomhairle dá n-aire go bhfuil cuóta 12.460 t san Aontas gan leithdháileadh in 2022. Gan dochar don phlé maidir le leithdháileadh inmheánach na ronnach, leanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún de na féidearthachtaí uile a fhiosrú ionas go mbeidh an tAontas in ann úsáid a bhaint as a chuóta ronnach uile.'

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN gCOIMISIÚN AGUS ÓN gCIPIR, ÓN gCRÓIT, ÓN EASTÓIN, Ó ÉIRINN, ÓN bhFIONLAINN, ÓN nGEARMÁIN, ÓN nGRÉIG, ÓN LIOTUÁIN, Ó LUCSAMBURG, Ó MHÁLTA, ÓN OSTAIR, Ó PHOBLACHT NA SEICE, ÓN bPORTAINGÉIL, ÓN RÓMÁIN, ÓN tSLÓVAIC AGUS ÓN UNGÁIR (maidir leis an téarnamh don eascann Eorpach a neartú)**

'Á admháil di, in ainneoin iarrachtaí an Aontais agus iarrachtaí idirnáisiúnta, go bhfuil drochbhail i gcónaí ar stoc na heascainne Eorpaí (*Anguilla anguilla*), mar a dhearbhaítear leis an gcomhairle is déanaí ó ICES an 3 Samhain 2022;
Ag tabhairt dá haire go ndearna an tAontas Idirnáisiúnta um Chaomhnú an Dúlra (IUCN) athmheasúnú ar stádas caomhantais na heascainne Eorpaí mar speiceas atá i mbaol criticiúil agus ag meabhrú di go bhfuil an speiceas liostaithe ar Liosta Dearg Eorpach na nIasc Fionnuisce, Foscríbhinn II den Choinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol (CITES), Foscríbhinn II den Choinbhinsiún maidir le Caomhnú na Speiceas Imirceach (CMS), Liosta na Speiceas faoi Bhagairt den Choinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht an Atlantaigh Thoir Thuaidh (OSPAR), agus Iarscríbhinn III de Phrótacal Choinbhinsiún Barcelona; Ag admháil di, cé go bhfuil earcaíocht eascann cobhsaí anois, fós féin go bhfuil sí ag an leibhéal is ísle riamh, agus nach bhfuil an chuma air go rachaidh sí i bhfeabhas; gur dócha gur a bhuí le laghdú na hiarrachta iascaireachta in go leor Ballstát a tháinig cobhsú ar an stoc; gur sprioc fhadtéarmach é an stoc a athshlánú lena gceanglaítear aghaidh a thabhairt ar éalú sceitheanna ar bhealach níos cuimsithí, go háirithe trí athshlánú gnáthóige agus nascacht fheabhsaithe aibhneacha, agus trí shaothrú na stoc a theorannú;

Á admháil di gurb iad na brúnna éagsúla is cúis le básmhaireacht eascann, amhail stáisiúin hidreachumhachta agus chaidéalaithe agus bacainní eile in aibhneacha, cailliúint agus díghrádú gnáthóg, trí iascaireacht tráchtála agus áineasa in uiscí mara, cósta agus intíre, truailliú, éilleáin, galair, trí chreachóireacht, agus mar gheall ar an athrú aeráide;

Á mheabhrú di na gealltanais a tugadh cheana faoin Dearbhú Comhpháirteach maidir leis an téarnamh don eascann Eorpach a neartú (an Coimisiún agus na Ballstáit) a comhaontaíodh i gComhairle AGRIFISH 2017 i mí na Nollag, Moladh CGIM/42/2018/1 maidir le plean bainistíochta ilbhliantúil don eascann Eorpach sa Mheánmhuir arna leasú le Moladh CGIM/45/2022/1, Dearbhú Aireachta Chomhdháil 'Ár Muir Bhailt' agus Plean Gníomhaíochta HELCOM do Mhuir Bhailt, Moladh OSPAR 2014/15 maidir le cur chun cinn chosaint agus chaomhnú na heascainne Eorpaí (Anguilla anguilla), Gníomhaíocht Chomhordaithe CMS maidir leis an eascann Eorpach, agus na Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais do 2030;

Á thabhairt dá haire go bhfuil iarrachtaí á ndéanamh cheana féin ag na Ballstáit an stoc eascann Eorpach a atógáil/a athbhunú, agus gur cuireadh stop leis an meath géar ar an stoc ach go bhfuil an stoc fós ar íosleibhéal stairiúil;

Á thabhairt dá haire gur thángthas ar an gconclúid in 2020 sa mheastóireacht ón gCoimisiún ar an Rialachán maidir leis an Eascann, le tacaíocht ón staidéar meastóireachta seachtraí, gur gá cur chun feidhme an Rialacháin maidir leis an Eascann a fheabhsú agus go bhfuil gá le huaillmhian bhreise agus béim níos mó á leagan ar thionchair nach mbaineann le hiascach, agus gur sainaithníodh dea-chleachtais i gcaomhnú agus i mbainistiú eascann sna Ballstáit i gcomhthéacs na meastóireachta sin;

Á thabhairt dá haire nach bhfuil aon dul chun cinn foriomlán ann maidir le baint amach chuspóir Rialachán (CE) Uimh. 1100/2007 ón gComhairle lena mbunaítear bearta chun an stoc eascann Eorpach a théarnamh (ar a dtugtar 'an Rialachán maidir leis an Eascann'), mar a dhearbhaigh ICES sa chomhairle uaidh an 30 Bealtaine 2022 maidir leis an meastóireacht theicniúil ar an dul chun cinn atá déanta ag na Ballstáit maidir lena bPleananna Bainistíochta Eascann a chur chun feidhme;

Á thabhairt dá haire go bhfuil comhaontuithe trasteorann ann idir na Ballstáit agus/nó a réigiúin, agus/nó idir Ballstáit agus tríú tíortha chun gnáthóga na heascainne nádúrtha trasteorann a chaomhnú agus a bhainistiú;

Á athdhearbhú di go bhfuil gá le gníomhaíocht phráinneach agus le tuilleadh iarrachtaí chun téarnamh an stoic thar a raon nádúrtha a áirithiú agus gur gá bearta a neartú chun básmhaireacht na n-eascann de bharr gach brú antrapaigineach le linn gach céim de shaol na heascainne a laghdú a thuilleadh agus chun cur le céimshrianta eascanna fásta aibí chuig an bhfarraige oscailte le haghaidh sceite i Muir Sargasso;

Ós rud é gur bunaíodh dúnadh sealadach iascach eascann in Uiscí an Aontais i limistéir ICES agus sa Mheánmhuir le Rialacháin bhliantúla an Aontais lena socraítear deiseanna iascaireachta agus gur comhaontaíodh síneadh a chur leis an tréimhse choiscthe sin nó leis an tréimhse/na tréimhsí coiscthe sin i gcomhréir le patrúin imirce na speiceas agus nach mór faireachán a dhéanamh ar an idirghníomhaíocht a d'fhéadfadh a bheith ann le pleananna náisiúnta bainistithe eascann;

Á thabhairt dá haire gur gá oibriú le tríú tíortha ar fud réimse nádúrtha na heascainne Eorpaí chun cur chuige cuimsitheach comhordaithe a áirithiú maidir le téarnamh an stoic i measc na ngeallsealbhóirí uile;
Ós díol sásaimh di an cinneadh ó CGIM plean bainistíochta fadtéarmach don eascann Eorpach sa Mheánmhuir a fhorbairt faoi 2023 agus a chur chun feidhme i gcomhar le Stáit nach bhfuil san Aontas agus á chur i dtreis di go bhfuil gealltanas tugtha ag an Aontas togra chuige sin a chur síos ag Seisiún Bliantúil CGIM 2023;

Á thuiscint di go bhfuil gá le cur chuige níos cuimsithí agus bearta fadréimseacha i ngnáthóga uile eascann agus le linn gach céime de shaolré na heascainne ón eascann ghloine go dtí an eascann bhuí go dtí céim na heascainne airgid i gcomhair théarnamh na heascainne Eorpaí, ar speiceas imirceach fadsaolach é;

Á thabhairt dá haire gur ghlac an Coimisiún i mí an Mheithimh 2022 togra le haghaidh Dlí um Athbhunú an Dúlra faoin Straitéis Bhithéagsúlachta do 2030 arb é is aidhm dó éiceachórais dhíghrádaithe a athbhunú faoi 2050 agus, *inter alia*, 25 000 km d'aibhneacha a bhunú an athuair mar aibhneacha saorshreabhaidh, agus gnáthóga áirithe a athbhunú i mbogaigh chósta agus intíre, murlaigh agus inbhir.

Á thabhairt dá haire go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún plé a dhéanamh go luath in 2023 i gcomhar leis na Ballstáit ar conas cur chun feidhme a bpleananna náisiúnta bainistíochta eascann a neartú, ar na bearta faoin Rialachán maidir leis an Eascann agus faoin reachtaíocht ábhartha.

Á thabhairt dá haire, ag brath ar na gníomhaíochtaí atá le déanamh, go n-áirítear sa chur chuige comhair tacaíocht airgeadais trí ionstraimí cistiúcháin éagsúla le haghaidh bearta caomhnaithe mar thaca le cosaint na bithéagsúlachta níos leithne a rachaidh chun tairbhe do théarnamh an stoic eascann Eorpach, lena n-áirítear chun aibhneacha a athchóiriú agus bacainní a bhaint (LIFE, Fís Eorpach, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe, CEMID agus Invest EU).

*A chomhaontú cosaint an stoic Eascann Eorpach (Anguilla anguilla) a neartú*
*Chuige sin:*

1. Tháinig an Coimisiún agus an Ostair, an Chróit, an Chipir, Poblacht na Seice, an Eastóin, an Fhionlainn, an Ghearmáin, an Ghréig, an Ungáir, Éire, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Phortaingéil, an Rómáin agus an tSlóvaic ar chomhaontú maidir leis an Dearbhú Comhpháirteach sin mar chomhar treisithe chun eascann Eorpach a athbhunú. Sa chomhar treisithe sin tá bearta le haghaidh uiscí intíre agus mara chun cuidiú leis an stoc agus a ghnáthóga a athbhunú, ar bearta iad a bheidh mar bhonn le hiascaigh agus feirmeoireacht inbhuanaithe bhrabúsach eascann amach anseo.

2. Cuirfidh na Ballstáit sin dlús lena n-iarrachtaí a bPleananna Bainistíochta Eascann agus a mbearta faoin Rialachán maidir leis an Eascann a chur chun feidhme ina n-iomláine, agus tús áite á thabhairt acu do bhearta caomhnaithe éifeachtacha sna gnáthóga go léir a thugann aghaidh ar na tosca básmhaireachta antrapaigineacha uile, agus i gcás inarb iomchuí, béim níos mó a chur ar aghaidh a thabhairt ar bhrúnna in uiscí intíre agus ar bhásmhaireacht nach mbaineann le hiascach. Agus an méid sin á dhéanamh acu, cuirfidh na Ballstáit sin feabhas ar an gcomhar idir riaracháin náisiúnta agus réigiúnacha éagsúla atá freagrach as bearta agus gníomhaíochtaí a bhunú agus a chur chun feidhme chun cur chuige comhordaithe agus comhleanúnach a áirithiú i leith stoc eascann Eorpach a chaomhnú agus a bhainistiú.

3. Na Ballstáit sin nach bhfuil a bPlean Bainistíochta Eascann bunaithe acu fós, déanfaidh siad amhlaidh i gcás inarb iomchuí agus gan a thuilleadh moille, agus cuirfidh siad faoi bhráid an Choimisiúin iad faoi lár-2023 lena bhformheas.

4. I gcás na limistéar trasteorann agus trasnáisiúnta ina bhfuil gnáthóga eascann nádúrtha, agus i gcás inarb iomchuí agus inar féidir, bunóidh na Ballstáit lena mbaineann plean nó pleananna trasteorann bainistíochta eascann agus cuirfidh siad faoi bhráid an Choimisiúin iad lena nglacadh.

5. I gcás nach bhfuil a spriocanna féin maidir le básmhaireacht iascaireachta agus éalú bithmhaise á mbaint amach ag pleananna bainistíochta náisiúnta eascann , cuirfidh na Ballstáit lena mbaineann bearta i bhfeidhm a luaithe is féidir maidir lena n-iascaigh inmheánacha eascann, ar bearta iad a mbeidh an éifeacht chéanna acu leis na bearta a comhaontaíodh sa rialachán maidir le deiseanna iascaireachta.

6. Déanfaidh na Ballstáit sin athbhreithniú ar na cleachtais athstocála atá ann faoi láthair chun a áirithiú go n-úsáidfear cistí poiblí chun tacú leis na fíorbhearta caomhnaithe a chuireann le téarnamh na n-eascann.



PUBLIC

7. Cuirfidh na Ballstáit sin feabhas ar an úsáid a bhaintear as cistí an Aontais, lena n-áirítear chun críocha bithéagsúlachta níos leithne, rud a rachaidh chun tairbhe do théarnamh na n-eascann.

8. Cuirfidh na Ballstáit sin feabhas ar rialú iascaigh eascann de réir mar is iomchuí agus cuirfidh siad lena n-iarrachtaí i ndáil le hiascaireacht neamhdhleathach eascann agus trádáil mhídhleathach eascann, go háirithe eascanna gloine, a chomhrac agus áiritheoidh siad go gcomhlíonfar srianta CITES ar an trádáil idirnáisiúnta agus ar chinneadh Bhallstáit an Aontais maidir le cuóta nialais onnmhairithe agus allmhairithe le haghaidh eascanna Eorpacha. Rialóidh na Ballstáit gach tabhairt i dtír eascann gloine.

9. Neartóidh na Ballstáit sin rialú, cur chun feidhme agus forfheidhmiú na mbeart arna nglacadh maidir leis an eascann Eorpach chun cothroime iomaíochta a áirithiú ar fud an Aontais, agus chun an iascaireacht neamhdhleathach, an phóitseáil agus an trádáil neamhdhleathach a chomhrac. Tacóidh an Coimisiún leis na Ballstáit sin san iarracht sin trína mholadh go ndéanfaí athbhreithniú ar na cláir shonracha um rialú agus cigireacht (SCIPeanna) lena dtreiseofaí an leibhéal rialaithe le haghaidh eascann de réir sprioc-thagarmharcanna le haghaidh cigireachta ag 100 % i gcás gabhálacha eascann a thugtar i dtír. Sa chomhthéacs sin, molfaidh an Coimisiún leasú ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1986 ón gCoimisiún 'Clár Sonrach um Rialú agus Cigireacht'. Ina theannta sin, méadóidh na Ballstáit sin leibhéal na rialuithe ar threalamh neamhdhleathach ina n-uiscí, chomh maith le rialuithe sa mhargadh agus ag a dteorainneacha seachtracha, agus oibreoidh siad i gcomhar lena chéile, leis an gCreat-Chomhaontú um Chomhar Eacnamaíoch agus le Europol, de réir mar is gá, chun an iascaireacht neamhdhleathach, an phóitseáil agus an trádáil neamhdhleathach a stopadh trí bhearta iomchuí rialaithe agus forfheidhmiúcháin. Thairis sin, úsáidfear Grúpa Saineolaithe an Aontais um Rialú ar Iascach, faoi chathaoirleacht an Choimisiúin, mar fhóram chun trédhearcacht a áirithiú a mhéid a bhaineann le roghnú na dtréimhsí coiscthe ag na Ballstáit uile.

10. Cuirfidh na Ballstáit sin feabhas ar cháilíocht agus ar iomláine na sonraí agus na faisnéise is gá chun tacú leis an méid seo a leanas: i) an measúnú eolaíoch ar an stoc arna dhéanamh ag comhlachtaí eolaíocha iomchuí, ii) na tuarascálacha ar dhul chun cinn a cheanglaítear faoi Airteagal 9 den Rialachán maidir leis an Eascann, iii) faireachán ar phraghsanna margaidh le haghaidh eascanna atá níos lú ná 12cm mar a cheanglaítear le hAirteagal 7(5) den Rialachán maidir leis an Eascann faoi mhodheolaíocht choiteann comhaontaithe an Aontais.

11. Déanfaidh na Ballstáit sin iarracht, laistigh de theorainneacha a leagan amach institiúideach, tuarascálacha ar dhul chun cinn a sholáthar maidir le cur chun feidhme a bpleananna bainistíochta eascann gach 3 bliana, leis an gcéad tuarascáil eile sin le cur ar fáil faoin 30 Meitheamh 2024, go dtí go mbeidh fianaise láidir eolaíoch ann ar chomharthaí téarnaimh do dhaonra na n-eascann ar fud na hEorpa. Ba cheart na tuarascálacha a ullmhú i gcomhréir le hAirteagal 9 den Rialachán maidir leis an Eascann.

12. Geallann an Coimisiún go n-áireofar ábhair imní na n-eascann sa phlean gníomhaíochta atá ar na bacáin chun acmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a eascraíonn as an Straitéis Bhithéagsúlachta do 2030 a chosaint,

13. In 2023, tacóidh an Coimisiún agus na Ballstáit lena mbaineann le plean bainistíochta fadtéarmach CGIM a fhorbairt don eascann Eorpach agus do na gníomhaíochtaí gaolmhara uile. Á thabhairt dá n-aire an chomhairle ó Choiste Comhairleach Eolaíoch CGIM gur gá aghaidh a thabhairt ar gach foinse básmhaireachta antrapaiginigh a spreagtar go hantrapaigineach, oibreoidh an Coimisiún agus na Ballstáit le chéile chun gníomhaíochtaí láithreacha a fhorbairt chun feabhas agus cothabháil a dhéanamh ar ghnáthóga (agus tús áite á thabhairt do mhurlaigh) agus ar bhealaí imirce araon. Beidh an Coimisiún agus na Ballstáit rannpháirteach go gníomhach sa dara céim de Chlár Taighde CGIM, a bhfuil sé de chúram uirthi 1) anailís shocheacnamaíoch a dhéanamh ar an dúnadh atá beartaithe; 2) faireachán caighdeánach neamhspleách ar iascach a chur chun feidhme ar gach céim de shaolré na heascainne mar aon le hiarrachtaí faireacháin fadtéarmacha ar shonraí atá spleách ar iascach, sonraí a bhaineann le hiascairí; 3) gníomhaíochtaí feasachta geallsealbhóirí a dhéanamh; 4) oibriú ar mhódúlachtaí le haghaidh scéimeanna cúitimh d'iascairí; agus 5) staidéir phíolótacha a dhéanamh i bpríomhshuíomhanna. Beidh an Coimisiún agus na Ballstáit rannpháirteach freisin agus éascóidh siad obair an Choiste um Chomhlíonadh maidir le measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme ceart na dtréimhsí coiscthe ag na Páirtithe Conarthacha uile, rud a chuideoidh le cothroime iomaíochta a áirithiú.'

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN gCIPIR AGUS ÓN nGRÉIG (maidir le stoic ICCAT, cláir rialaithe agus iascaireacht NNN)**

'Cuireann an Chipir agus an Ghréig in iúl go n-easaontaíonn siad leis an gcomhaontú a rinneadh le déanaí in ICCAT, go háirithe maidir le Tuinnín Colgach na Meánmhara, lena bhforáiltear do leithdháileadh cuótaí méadaithe gan údar ar an Tuirc. Agus é á chur san áireamh acu go bhfuil soithí iascaireachta na Tuirce ag leanúint de ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN) sa Mhuir Aeigéach agus sa Mheánmhuir Thoir, tá gá le cur chuige díchill chuí agus rannpháirtíocht níos láidre ón gCoimisiún Eorpach agus ó EFCA, i gcomhréir le creat ábhartha an Aontais, chun gníomhaíochtaí iascaireachta NNN sa limistéar a chomhrac go héifeachtach.

I ndáil leis sin, tá sé ríthábhachtach freisin go n-áiritheoidh an Coimisiún cur chun feidhme éifeachtach fhorálacha Rialachán 1005/2008 ón gComhairle, lena mbunaítear córas Comhphobail cuimsitheach éifeachtach chun iascaireacht NNN a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú.

Thairis sin, iarrann an Chipir agus an Ghréig ar an nGníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach (EFCA) tacaíocht oibríochtúil thiomnaithe bhreise a chur ar fáil don Chipir agus don Ghréig, lena n-áirítear soithí patróil, imscaradh aerárthaí, chomh maith le híomhánna satailíte agus oiliúint ábhartha, chun teicneolaíochtaí faireachais a úsáid. Ba cheart a áireamh leis sin limistéir mhuirí uile na Cipire, chomh maith leis an mórmhuir in aice láimhe i dtuaisceart agus in oirthuaisceart an oileáin.

Iarrann an Chipir agus an Ghréig ar an gCoimisiún a chomhaontú gur cheart na bearta breise sin a shaothrú faoi chomhordú EFCA do chláir chomh-imlonnaithe na Meánmhara, agus ba cheart iad a fhorbairt ar bhealach lena gcumhdófar méid iomlán na gcriosanna muirí uile sa dá thír, chomh maith leis an mórmhuir in aice láimhe, chun na bearta caomhnaithe agus bainistíochta a chur chun feidhme ina n-iomláine, chomh maith le bearta faireacháin, rialaithe agus comhlíontachta arna nglacadh ag an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinnníní an Atlantaigh (ICCAT), agus ag an gCoimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir (CGIM). Ba cheart na bearta sin a bheith i gcomhréir le forálacha ábhartha an dlí idirnáisiúnta agus dhlí an Aontais agus ba cheart go mbeadh sé mar aidhm leo cultúr comhlíontachta i gcoinne gníomhaíochtaí iascaireachta NNN agus cothroime iomaíochta a chur chun cinn.'

## RÁITEAS ÓN SPÁINN, ÓN bPORTAINGÉIL AGUS ÓN nGRÉIG

'Is oth leis an Spáinn, leis an bPortaingéil agus leis an nGréig an easpa leithdháilte bhreise do shoithí mionscála ó oileánraí sonracha sa Ghréig (na hOileáin Iónacha), sa Spáinn (na hOileáin Chanáracha) agus sa Phortaingéil (na hAsóir agus Maidéara), rud a chiallaíonn go gcaillfear na cearta a fuarthas in 2018 faoi chuimsiú ICCAT inar aithníodh coinníoll speisialta na gcabhlach thuasluaite. Tathantaímid ar an gCoimisiún teacht ar chomhréiteach agus é mar aidhm an cuóta breise a choinneáil.

Measaimid gur cheart don Aontas leanúint de thacaíocht a thabhairt do na cabhlaigh sin, de bheith i gcomhréir lena bheartais sna fóraim éagsúla ina ndéanann sé cabhlaigh tuinníní cósta na réigiún sárpheirifíneach a chosaint.'

PUBLIC

## RÁITEAS ÓN ÍSILTÍR

'Tugann an Ísiltír dá haire an Togra ón gCoimisiún Eorpach le haghaidh Rialachán ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais, agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, chomh maith le deiseanna iascaireachta den sórt sin a shocrú le haghaidh 2023 agus 2024 le haghaidh stoic éisc áirithe dhomhainfharraige.

D'ainneoin ár gcomhaontú leis an Rialachán foriomlán, tá imní fós ar an Ísiltír maidir le comhréireacht na mbeart eascann atá san áireamh. Tá an Ísiltír tiomanta do théarnamh an stoic eascann. Tá an plean náisiúnta téarnaimh eascann i bhfeidhm againn, dá bhrí sin. Tá iarmhairtí tromchúiseacha socheacnamaíocha ag an dúnadh 6 mhí d'iascaigh ag gach céim de shaolré na heascainne. Ag an am céanna, éifeacht theoranta a bheidh aige ar théarnamh an stoic eascann ós rud é gurb iad fachtóirí eile seachas iascaigh is cúis le básmhaireacht eascann den chuid is mó.

Tá an Ísiltír i bhfabhar cur chuige comhréireach iomlánaíoch trí bhíthin an Rialachán maidir leis an Eascann a neartú. Ar an gcaoi sin, féadfar gach fachtóir básmhaireachta chomh maith le gnéithe eacnamaíocha sóisialta a chur san áireamh.'

### Ráiteas ón Danmhairg, ón bhFrainc, ón Iodáil, ón nGréig, ón Ísiltír, ón bPolainn, ón Spáinn agus ón tSualainn (maidir leis an eascann)

'Beidh tionchar nach beag ag toradh an chomhaontaithe pholaitiúil maidir le deiseanna iascaireachta le haghaidh 2023 le haghaidh eascann ar iascairí agus ar dhobharshaothrú na Danmhairge, na hÍsiltíre, na Fraince, na Gréige, na hIodáile, na Polainne, na Spáinne agus na Sualainne. Tá iascach traidisiúnta eascann ar mionscála ag an Danmhairg, ag an bhFrainc, ag an nGréig, ag an Iodáil, ag an Ísiltír, ag an bPolainn, ag an Spáinn agus ag an tSualainn ina n-úsáidtear trealaimh ar beag a dtionchar a dhéantar in uiscí mara, in uiscí trasdultacha agus in uiscí goirte cóngaracha. I bhfianaise staid chriticiúil an stoic eascann Eorpaigh, tá gníomhaíochtaí fadtéarmacha iomchuí ag teastáil do gach céim de shaolré agus limistéir na heascainne. Is freagracht chomhroinnte é athshlánú an stoic eascann Eorpach agus teastaíonn gníomhaíochtaí réigiúnacha agus ar fud limistéar dáilte iomlán na n-eascann Eorpach ionas go mbeidh tionchar dearfach ag na gníomhaíochtaí sin. I gcás na Danmhairge, na Fraince, na Gréige, na hIodáile, na hÍsiltíre, na Polainne, na Spáinne agus na Sualainne, tá sé tábhachtach gur ar bhonn uile-Eorpach a dhéantar bearta éifeachtacha chun an eascann Eorpach a chosaint agus a athshlanú agus go ndéantar básanna antrapaigineacha a íoslaghdú.

I bhfianaise an mhéid sin, ní mheasann an Danmhairg, an Fhrainc, an Ghréig, an Iodáil, an Ísiltír, an Pholainn, an Spáinn ná an tSualainn gur dócha go mbeidh bearta atá teoranta d'iascaigh in uiscí muirí, in uiscí trasdultacha agus in uiscí cóngaracha trí rialachán bliantúil éifeachtach chun an stoc eascann Eorpach a athshlánú agus, dá bhrí sin, molann siad cur chuige níos iomlánaíche agus níos fadtéarmaí ar nós athbhreithniú ar an rialachán maidir leis an eascann Eorpach.

Maidir leis an tionchar tromchúiseach eacnamaíoch ar iascairí agus ar earnáil dobharshaothraithe na Danmhairge, na hÍsiltíre, na Fraince, na Gréige, na hIodáile, na Polainne, na Spáinne agus na Sualainne, tá an baol anois ann go gcaillfidh a lán daoine agus a dteaghlaigh a n-ioncam iomlán agus iarraimid ar an gCoimisiún na féidearthachtaí maidir le tacaíocht airgeadais faoi CEMID a leathnú chuig na hiascairí agus na cuideachtaí dobharshaothraithe sin.'

**Ráiteas ÓN gCróit, ón bhFrainc, ón Iodáil, ó Mhálta, ón bPortaingéil agus ón Spáinn (maidir le scála leithdháilte inmheánach an Aontais don Tuinnín Gorm Atlantach (BFT))**

'Is díol sásaimh don Chróit, don Fhrainc, don Iodáil, do Mhálta, don Phortaingéil agus don Spáinn an toradh a bhí ar an 23ú cruinniú speisialta den Choimisiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú, a bhí ar siúl ón 14 go dtí an 21 Samhain 2022, agus as ar eascair méadú ar chuóta BFT an Aontais ar feadh tréimhse 3 bliana, ó 2023 go 2025.
Bhí ról suntasach i dtéarnamh an speicis ag na móriarrachtaí a rinne ár n-iascairí i gcaitheamh na mblianta, trí mhéid na n-iascach BFT a laghdú. Measann an Chróit, an Fhrainc, an Iodáil, Málta, an Phortaingéil agus an Spáinn go bhfuil sé ríthábhachtach do na hiascairí sin is mó a bhí thíos leis na hiarrachtaí caomhnúcháin sin an méadú ar chuóta BFT a fháil. I ndáil leis sin, iarrann na Ballstáit thuasluaite go bhfágfaí scála leithdháilte inmheánach BFT an Aontais slán agus gan oscailt.'

**RÁITEAS ÓN SPÁINN (maidir leis an méadú ar an acmhainneacht iomlán feirmeoireachta agus ramhraithe tuinníní gorma)**

'Méadaíodh deiseanna iascaireachta an Aontais Eorpaigh ó 19 311 tona in 2022 go 21 503 thona le haghaidh na mblianta 2023 go 2025 mar thoradh ar an gcomhaontú a glacadh ag an 23ú cruinniú urghnách den Choimisiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú, bunaithe ar an meastóireacht ar straitéis bhainistíochta le haghaidh tuinníní gorma.
Dá bhrí sin, iarrann an Spáinn go méadófaí a hacmhainneacht ionchuir feirmeoireachta agus ramhraithe, i gcomhréir leis na deiseanna iascaireachta a méadaíodh, ionas go mbeadh sí in ann freastal ar riachtanais an mhargaidh agus go gcoinneofaí a suíomh tionscail i margaí idirnáisiúnta. Tá an Spáinn faoi réir chun oibriú leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit chun an acmhainneacht sin a bhaint amach, i gcomhréir le rialacha an Chomhbheartais Iascaigh.'

**RÁITEAS ÓN SPÁINN (maidir leis an eascann)**

'Tá an Spáinn tiomanta maidir leis na gníomhaíochtaí chun líon na n-eascann a athshlánú, agus tionchair shocheacnamaíocha na mbeart sin ar na pobail áitiúla a bhraitheann ar an iascach mionscála sin á gcur san áireamh freisin. I ndáil leis sin, is oth linn nach rabhthas in ann mioniascach neamhthráchtála nach ndéantar ach i gceann amháin dár réigiúin Atlantacha, traidisiún a ngabhann oidhreacht chultúrtha thábhachtach leis, a choinneáil ar bun, gan beann ar an tionchar beag atá aige ar an stoc má chuirtear i gcomparáid é le gníomhaíochtaí tráchtála nó básanna antrapaigineacha eile, lena n-áirítear in uiscí intíre. Mar sin féin, admhaímid nach bhfuil an tionchar socheacnamaíoch céanna aige is atá ag an iascach tráchtála. Tá súil againn go mbeifear in ann, le téarnamh an stoic san fhadtéarma, an traidisiún stairiúil seo a athoscailt.'

**Ráiteas comhpháirteach ón gCoimisiún agus ón Spáinn (maidir leis an rogha ó thaobh tacaíocht ón gCiste Eorpach Muirí Iascaigh agus Dobharshaothraithe (CEMID) do scor sealadach gníomhaíochtaí iascaireachta)**

'I bhfianaise an mheasúnaithe a rinne an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) maidir le bolmán an iarthair (*Trachurus trachurus*), inar moladh TAC nialasach, measann an Spáinn gur gá, ar mhaithe le téarnamh an stoic bolmán, deireadh sealadach a chur leis an ngníomhaíocht, sa bhreis ar na deiseanna iascaireachta don stoc sin a bhunaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad.

Comhaontaíonn an Coimisiún agus an Spáinn go bhfuil an scor sealadach gníomhaíochta incháilithe do chistiú ó CEMID, ar choinníoll go bhfuil sé i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 21(2)(c) de Rialachán (AE) 2021/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1004.'

PUBLIC

| | |
|---|---|
| <u>**Maidir le mír 5 ar liosta na míreanna 'A':**</u> | **Moladh ón gComhairle maidir le hioncam íosta leordhóthanach lena n-áirithítear cuimsiú gníomhach**<br>*Glacadh* |

**RÁITEAS ÓN BPOLAINN**

'Is mar cheart bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. Áirithíonn an Pholainn comhionannas idir mná agus fir faoi chuimsiú chóras náisiúnta dlí na Polainne i gcomhréir le hionstraimí maidir le cearta an duine atá ceangailteach go hidirnáisiúnta agus faoi chuimsiú luachanna agus phrionsabail bhunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ar na cúiseanna sin, léirmhíneoidh an Pholainn an téarma 'comhionannas inscne' mar chomhionannas idir mná agus fir, i gcomhréir le hAirteagail 2 agus 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus le hAirteagail 8 agus 157(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus aon téarma eile ina bhfuil an téarma 'inscne', léirmhíneoidh an Pholainn an téarma sin mar 'gnéas' i gcomhréir le hAirteagal 10, Airteagal 19(1) agus Airteagal 157(2) agus (4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.'

| | |
|---|---|
| <u>**Maidir le mír 7 ar liosta na míreanna 'A':**</u> | **Rialachán Tarmligthe (AE).../... ón gCoimisiún an 18.11.2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an íoschainníocht d'ocsaíd chailciam i leasacháin neamhorgánacha mhacrachothaitheacha soladacha aonábhair**<br>*Gníomh tarmligthe - Rún gan agóid a dhéanamh* |

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH Ó tSLÓVAIC AGUS ÓN SPÁINN**

'Is díol sásaimh don tSlóvaic agus don Spáinn an deis crágaigh chailciam a ionchorprú in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1009. Go deimhin, mar a tharlaíonn sé le micreachothaithigh, tá úsáid gníomhairí crágtha agus casta le haghaidh Cailciam agus Maignéisiam an-úsáideach mar go gcabhraíonn siad le cur i bhfeidhm níos fearr na gcothaitheach seo. Mar sin féin, ní chomhaontaímid le foclaíocht reatha an ghnímh tharmligthe seo.

Tá na saincheisteanna teicniúla maidir lenár neamhréireacht sonraithe thíos:

1. Ciallaíonn sé go n-ísleofar cáilíocht na dtáirgí leasacháin chailciam go léir nuair a bhíonn sé mar aidhm ag an athrú tiúchana seo táirgí leasacháin a cheadú bunaithe ar chailciam crágtha.

2. Tá an cur chuige a glacadh éagsúil leis an gcur chuige a úsáidtear sa Rialachán le crágaigh mhicreachothaithigh, i gcás ina bhfuil ceanglas ann maidir le híoschéatadán den chothaitheach crágtha.

3. Dá bhrí sin, níl an gníomh tarmligthe seo comhleanúnach leis na ceanglais maidir le táirgí leasacháin atá bunaithe ar mhicreachothaithigh chrágtha, ná le feidhm an oibreáin chrágtha féin. Mar a luaigh ár saineolaithe, chomh fada agus a bhíonn an gníomhaire crágtha i láthair, níl aon ghá leis an gCailciam a chrágadh.

4. Ní léirítear leis an bhfoclaíocht na forálacha a glacadh sa Rialachán ón gCoimisiún (AE) 2020/1666, inar cuireadh an 9 % i bhfeidhm ar 'táirge a fuarthas go ceimiceach ina bhfuil crágach cailciam d'aigéad imínidéshucsanach mar chomhábhar riachtanach, gan cothaithigh orgánacha de bhunadh ainmhíoch nó plandúil a chur leis' agus iarradh go raibh an 9 % CaO Cailciam sin a shloinntear mar CaO crágtha le haigéad imínidéshucsanach (IDHA) intuaslagtha in uisce.'

5. Cé go ndeir an Coimisiún nach bhfuil sé d'aidhm ag an leasú ach crágaigh chailciam, is í an fhírinne, má tá aon ghníomhaire crágtha Mg ann a chomhlíonann ceanglais CMC 1 agus a chomhlíonann an t-íostiúchan a leagtar síos ar PFC 1(C)(I)(a)(i), nach bhfuil aon rud ann chun cosc a chur air é a úsáid, leis na fadhbanna céanna atá léirithe cheana féin maidir le crágaigh chailciam.

6. Thairis sin, ní fheicimid aon fhoráil maidir le lipéadú, lamháltais, etc., rud a chruthaíonn éiginnteacht dhlíthiúil.

Dá bhrí sin, cé gur mhaith linn margú táirgí leasacháin bunaithe ar chailciam agus ar chrágaigh Mhaignéisiam a éascú, creidimid nár tugadh aghaidh ar na saincheisteanna teicniúla roimhe seo sa Ghníomh Tarmligthe reatha, agus ní féidir linn é a fhormhuiniú.'

**Maidir le mír 14 ar liosta na míreanna 'A':** **Conclúidí maidir le tosaíochtaí an Aontais i ndáil le comhar le Comhairle na hEorpa, 2023-2024**
*Formheas*

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

**'Mír 26**
A mhéid a bhaineann leis an bhfonóta ina n-iarrtar 'Straitéis an Aontais um Chomhionannas LGBTIQ 2020-2025', atá i gceangal le mír 26 de na Conclúidí ón gComhairle maidir le tosaíochtaí an Aontais le haghaidh comhar le Comhairle na hEorpa in 2023-2024, tugaimid dár n-aire nár ghlac an Chomhairle an Straitéis a luaitear san fhonóta riamh agus nár fhormhuinigh sí an Straitéis sin.

I gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, léirmhíníonn an Ungáir 'daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad' de réir Dhearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta Daoine a bhaineann le Mionlaigh Náisiúnta nó Eitneacha, Reiligiúnacha agus Teanga.'

---